Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Iúil 2023
(OR. en, de)

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0145(NLE)**

**8280/3/23
REV 3 ADD 2**

**LIMITE**

**ACP 25
COAFR 133
COLAC 36
COASI 76
WTO 49
RELEX 452**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9752/21 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile<br>– Ráitis |

## RÁITIS LE hAGHAIDH MHIONTUAIRISCÍ NA COMHAIRLE

### Ráiteas ón Ostair

Tá an Ostair sásta an cur chuige atá beartaithe a leanúint, ach ní mór di a chur in iúl, ar chúiseanna bunreachtúla, nach féidir feidhm shealadach a bheith ag an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ballstáit Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, faoin dlí idirnáisiúnta go dtí go gcuirfidh sí in iúl d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar thaiscí an Chomhaontaithe, go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe curtha i gcrích aici.

## Ráiteas ón bPolainn

Tá dréachtchomhaontú iar-Cotonou ar neamhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha sa mhéid go gcuirtear an cor cainte 'comhionannas inscne', nach bhfuil sna Conarthaí, in ionad phrionsabal an 'comhionannas idir fir agus mná', a luaitear sna Conarthaí, sa dréachtchomhaontú sin. I gcás ina dtagraítear sa chomhaontú do 'comhionannas inscne', déanfaidh an Pholainn an prionsabal sin a léirmhíniú mar phrionsabal an chomhionannais idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 CAE agus le hAirteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Ina theannta sin, is éard a thuigeann an Pholainn leis an bhfoclaíocht 'inscne' atá sa chomhaontú agus nach ann di sna Conarthaí, gur 'gnéas' atá i gceist, i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) CFAE.

Ní thuigeann an Pholainn cearta atáirgthe ná cearta eile a dhíorthaítear uathu nó atá comhchiallach nó cosúil leo ach amháin mar ghníomhaíochtaí darb aidhm tacaíocht dhíreach a thabhairt do shláinte agus do bheatha an duine agus iad sin a shábháil, agus dá bhrí sin cuireann sí i gcoinne na brí a bhaintear as na cearta sin gur bealaí iad an ginmhilleadh agus an úsáid frithghiniúna chun an tsláinte a chur chun cinn, teaghlaigh a phleanáil nó cearta an duine a ráthú. Níl an ginmhilleadh ar chearta an duine; os a choinne sin, is bealach é chun an ceart chun na beatha a bhaint.

Maidir le 'oideachas gnéasachta', mar a thugtar air, is éard a thuigeann an Pholainn leis sin go gciallaíonn sé oideachas atá oiriúnach ó thaobh aoise agus ábhair de i gcomhréir le dlí iomchuí na Polainne agus leis na curaclaim arna mbunú air.

## Ráiteas ón bPortaingéil

**maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

Agus urraim á tabhairt do phrionsabal roinnte na n-inniúlachtaí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, mar a shainítear sna Conarthaí é, leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, ní dhéantar difear do neamhspleáchas cinnteoireachta Phoblacht na Portaingéile maidir le hábhair idirnáisiúnta a thagann faoina hinniúlacht eisiach féin, a mbraitheann na gealltanais a bhaineann léi ar nósanna imeachta formheasa inmheánacha a bheith tugtha chun críche, i gcomhréir le prionsabail agus rialacha bunreachtúla.